Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

Nuacht Na Cathrach

Samhradh 2009 www.corkcity.ie info@corkcity.ie Teil: 021 496 6222

Fáilte chuig an eagrán dhátheangach is déanaí de Nuacht Na Cathrach. Táimid tar éis tabhairt faoi seo chun forálacha Acht na dTeangacha 2003 agus ár ngnóthais imlínithe inár leagan féin de Scéim na Gaeilge 2007-2010 a chomhlíonadh. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as.

Toghann Comhairle Cathrach Chorcaí Ardmhéara nua

Ag an gcéad Chruinniú Bliantúil dá cuid a tionóladh ar 15ú Meitheamh, 2009, thogh Comhairle Cathrach Chorcaí an Comhairleoir Dara Murphy ó Fine Gael mar Ardmhéara. Tá an tArdmhéara ina Chomhairleoir ó 2004 i leith, ag ionadú Barda an Oirthuaiscirt.

Rugtha i mBaile na mBocht agus é ina chónaí anois i limistéar Crois Naomh Lúcás, rinne an tArdmhéara staidéar ar an Eacnamaíocht in Ollscoil Chorcaí sular thosaigh sé a ghnó féin sa tionscal lónadóireachta. Tá an tArdmhéara pósta le Tanya. Tá triúr clainne acu - Isobel (12), Sophie (11) agus Nicole (8).

Ina aitheasc toghcháin ag an gCruinniú Bliantúil, leag an tArdmhéara béim ar na deacrachtaí eacnamaíochta reatha mar an dúshlán aonair is mó os comhair na Comhairle: *"Beidh sé deacair go maith dúinn glacadh le Buiséad i mbliana"* agus thug sé breac-chuntas ar a bharúil *"go bhfuil ról ríthábhachtach le tógaint orthu féin ag an 31 Comhairleoir chun iarracht a dhéanamh ar an bpacáiste is fearr a sheachadadh do Chorcaigh"*.

Leag an tArdmhéara a thosaíochtaí amach chomh maith maidir le cruthú fostaíochta agus cur chun cinn agus cothú gnó: *"Tá tionscadal na nDuganna bunriachtanach dár gcathair agus is ceann é go dteastaíonn uaim leanúint leis. Tá an tionscadal bunriachtanach do thodhchaí Chorcaí agus go háirithe má táthar chun glacadh leis an ról mar Gheatabhealach atá léirithe ag an Rialtas sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta"*.

Leag an tArdmhéara béim ar an gcaighdeán atá ag áiseanna áineasa, ionaid oidhreachta agus cultúrtha, agus féilte eagraithe ag an gcathair bhuntáistí agus gnéithe mealltacha príomha: *"Ní mór go mbeadh forbairt staidiam chathrach mar thosaíocht anois chomh maith. Thabharfadh sé seo an deis do Chorcaigh imeachtaí spóirt agus cultúrtha móra a óstáil - bheadh na tairbhí airgeadais agus torthaí móra eile suntasach go maith. Ní mór do Chorcaigh a shuíomh a choimeád agus a threisiú mar an dara limistéar uirbeach soiléir agus gan iomaíocht in Éirinn"*.

Toghadh an Clr. Laura McGonigle (FG) mar Leas Ardmhéara ag an gCruinniú Bliantúil ar 15ú Meitheamh 2009. Rinneadh an Cllr. McGonigle a chomhthoghadh ar Chomhairle Cathrach Chorcaí i mí an Mheithimh 2007 in áit Deirdre Clune TD agus toghadh í do Thoghbharda an Oirdheiscirt sna Toghcháin Áitiúla le déanaí. Fuair sí a cuid oideachais i gColáiste Regina Mundi, Bóthar na Dúghlaise agus oibríonn sí mar Chuntasóir Airgeadais ar a gCarraig Dubh.

Toghcháin Áitiúla Chomhairle Cathrach Chorcaí 2009

Bhí Toghcháin Áitiúla ar an 5ú Meitheamh 2009. Ghlac Denis O'Mahony, mar Cheann Comhairimh, ainmniúcháin ó 59 iarrthóir do na toghcháin. Bhí an comhaireamh ar siúl ar an Satharn agus an Domhnach, 6ú & 7ú Meitheamh nuair a déanadh an 31 Comhairleoir nua a thogadh chun seasamh don sé Thoghcheantar Áitiúil de chuid na cathrach.
http://www.corkcity.ie/citycouncil/electedmembers/

Chun Tosaigh C go D: *Comhairleoirí Lorraine Kingston, John Kelleher, Ted Tynan, Mick Barry, Patricia Gosch, Ardmhéara Clr. Dara Murphy, Comhairleoirí. Mary Shields, Terry Shannon, Catherine Clancy, Tony Fitzgerald agus Dave McCarthy.*

Sa Lár C go D: *Comhairleoirí Mick Finn, Chris O'Leary, Emmet O'Halloran, Michael O'Connell, Henry Cremin, Thomas Gould, Jonathan O'Brien, Fiona Kerins, Brian Bermingham, Michael Ahern, Kenneth O'Flynn agus John Buttimer.*

Ar Cúl C go D: *An Clr. Kieran McCarthy, Leas Ardmhéara Clr. Laura McGonigle, Comhairleoirí Ger Gibbons, Des Cahill, Sean Martin, Denis O'Flynn, Tim Brosnan agus Jim Corr.*

Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne

Baile teaghlaigh i mBán Dubh? Maireachtáil chathrach i mBóthar Pháirc Bheanntraí?

Is corraitheach an t-eispéireas é teaghlach nua a chrothú! I láthair na huaire tá líon áirithe scéimeanna Tithíochta Inacmhainne á riaradh ag Comhairle Cathrach Chorcaí ón taobh thuaidh den chathair go dtí an taobh theas den chathair.

Chun cáiliú do bhaile inacmhainne caithfidh tú:

- Bheith i do cheannaitheoir céaduaire (ach tá roinnt eisceachtaí, mar shampla má tá tú scartha nó colscartha)
- Go leor ioncaim a bheith agat chun d'aisíocaíochtaí morgáiste a chomhlíonadh tar éis duit do chuid costais eile go léir a íoc
- Mar threoir, idir €25,000 agus €58,000 a thuilleamh má tá iarratas á chur isteach agat id' aonar agus suas le €75,000 idir an bheirt agaibh má tá iarratas á chur isteach agat i dteannta le duine eile. Níl iontu seo ach na teorainneacha garbha - d'fhéadfaí teorainneacha ioncaim níos ísle agus níos airde a chur san áireamh.

Tá líon teoranta aonad ar fáil faoi láthair in:

- Acra Coppinger, Bóthar Pháirc Bheanntraí, Cnoc an Aonaigh
- Ard Sionnach, An tSeanchoill
- Airde Chnoc an Chuilinn, Cnoc an Chuilinn

Táthar ag glacadh le hiarratais faoi láthair dár dtrí forbairtí nua in:

- Ard na Rí, An Bán Dubh
- Cnocán Naomh Iósaf, Bóthar an Bháicéara
- Corrán Ghleann Trasna & Ascaill Ghleann Trasna, An Gleann

Tosaíonn praghsanna ag €155,000 d'árasán 2 sheomra leapa, €165,000 d'árasán déphléascach 3 sheomra leapa & €225,000 do theach baile 3 sheomra leapa.

Díoltar sealúchais le:

Cistin deartha go heisiatach, feistis suiteáilte sa phríomh sheomra leapa, péinteáilte go hiomlán, gairdíní príobháideacha agus carrchlós, más infheidhmithe.

Tá "Nuacht na Cathrach" á tháirgeadh ag an Rannóg Chumarsáide, Gnóthaí Corparáideacha, Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach, Corcaigh.

Teil: 021 4966222
communications_section @corkcity.ie
www.corkcity.ie

Tosaíonn praghsanna in Ard na Rí ag €160,000 d'árasán 2 sheomra leapa, €220,000 d'árasán déphléascach 3 sheomra leapa & €230,000 & €240,000 do theach leathscoite 3 sheomra leapa.

Díoltar sealúchais le:

- Cistin deartha go hálainn, seomra folctha tílithe go hiomlán, gairdíní príobháideacha agus carrchlós más infheidhmithe, péinteáilte go hiomlán

Is féidir foirmeacha iarratais na Tithíochta Inacmhainne a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Comhairle Cathrach Chorcaí, www.corkcity.ie nó tá siad ar fáil chomh maith ó:

Stiúrthóireacht Tithíochta & Phobail, Halla na Cathrach, Cocaigh.
Teil: 4924512 / 4924015 / 4924243 / 4924169.

Is féidir breis eolais a fháil faoinár scéimeanna reatha ar www.affordablehome.ie

Athfhorbairt Suímh Ghréasáin

Tá athfhorbairt agus nuashonrú á dhéanamh ar shuíomh gréasáin buaite gradam de chuid Comhairle Cathrach Chorcaí, atá anois ina 10ú bhliain.

Ón uair a athsheoladh é i 2005, tá an suíomh gréasáin www.corkcity.ie tar éis Gradam Golden Spider agus Gradam r-Rialtais Éireann Áitiúil Is Fearr a bhaint amach.

Is iad na príomh-ábhair spreagtha don athfhorbairt seo ná:

- Chun suíomh gréasáin atá níos fusa le húsáid a sholáthar
- Chun meadú a dhéanamh ar idirghníomhaíocht ar líne leis an bpobal agus chun an suíomh a threorú i dtreo cur i gcrích gnó.
- Chun a chinntiú go gcomhlíonann an suíomh gréasáin caighdeáin inrochtana
- Chun na gnéithe is nua-aimseartha ar nós físeán, fuaim, twitter agus blaganna a chuimsiú nuair is cuí

Tugtar os cionn 100,000 cuairt ar an suíomh gréasáin reatha in aghaidh na míosa. Déanfar an suíomh gréasáin nua-dheartha a sheoladh ag deireadh na bliana.

Láithreán Fóntas Pobail ar Bhóthar Chionn tSáile

Cuireadh stop le líonadh talún na dramhaíola ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile ar 16ú Iúil 2009. Mar sin féin is mian le Comhairle Cathrach Chorcaí a chinntiú go bhfanann a cuid áiseanna le haghaidh úsáide ag an bpobal ag an Láithreán Fóntas Pobail mar an gcéanna.

Leanfaidh seirbhísí/áiseanna don phobal ag an Láithreán Fóntas Pobail ag suíomh Bhóthar Chionn tSáile ar aghaidh mar a bhíodh roimhe seo. Fanfaidh an t-ionad athchúrsala, an áis múiríne agus an áis aisghabhála adhmaid oscailte chun glacadh le réimse ábhair le haghaidh diúscartha agus athchúrsála. Leanfar ar aghaidh ag glacadh le dramhaíl teaghlaigh, dramhaíl ghlas, dramhaíl adhmaid agus ábhar athchúrsála ó úinéirí tí ag na costais reatha. Leanfar ar aghaidh chomh maith ag glacadh le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) saor in aisce ó úinéirí tí.

Uaireanta oscailte:

Luan go hAoine: 8.00r.n. go 3.45i.n.
Satharn: 8.00r.n. go 12.45i.n.
Domhnach agus Laethanta Saoire Poiblí: Dúnta

Cothabháil Tithíochta

Uimhir Theagmhála Custaiméara Nua

Tá an Rannóg um Chothabháil Tithíochta de chuid Comhairle Cathrach Chorcaí tar éis a córas teileafóin a nuashonrú d'fhonn feabhas a chur ar a seirbhís chustaiméara. Is í an Uimhir Theagmhála Chustaiméara nua do limistéir an Deiscirt agus Láir na Cathrach ná

(021) 429 8710 *(021-4924121 roimhe seo)*

Cuir glaoch ar an uimhir seo le do thoil chun iarratais um chothabháil tithíochta a chur isteach má tá tú i do thionónta de chuid Comhairle Cathrach Chorcaí agus má tá do theach ó dheas ó Abha na Laoi. **Níl aon athrú tagtha ar uimhreacha teagmhála custaiméara an taoibh thuaidh .i. 021 4505215 don Oirthuaisceart agus 021 4307022 don Iarthuaisceart.**

Treoirscéim Rothaíochta chun na hOibre

Sheol Comhairle Cathrach Chorcaí an scéim Rothaíochta chun na hOibre i mí na Bealtaine 2009. Tugadh an deis d'fhostaithe pacáiste Rothaíochta chun na hOibre a cheannach ó cheann de 4 sholáthraí trí aontú ar chuid dá dtuarastal a thabhairt suas chun costas an phacáiste a chlúdach. Bhí an rogha ag fostaithe tairbhe a bhaint as 9 rothar difriúil agus saghsanna éagsúla de threalamh sábháilteachta. Ag an am a bhíothas ag dul i mbun priontála bhí 30 fostaí tar éis tairbhe a bhaint as an scéim. *Ar Dheis: Ciaran Gallagher, Rannóg Airgeadais lena rothar agus John Hayes, Rannóg Phearsanra.*

Saoirse na Cathrach

C go D: John O'Donovan, Gnóthaí Corparáideacha, Déan Denis O'Connor, Ardmhéara Clr. Brian Bermingham, an tSiúr Eucharia Buckley agus Paul Moynihan, Gnóthaí Corparáideacha, ag an mbronnadh de chisteoga Saoirse na Cathrach ar na faighteoirí.

Déanadh an cinneadh chun an onóir seo a bhronnadh ag cruinniú de chuid Comhairle Cathrach Chorcaí ar 9ú Marta 2009, ar mholadh an Ardmhéara, Clr. Brian Bermingham agus ghlac na Baill leis d'aonghuth *"Go mbronnfaí Saoirse Cathrach Chorcaí ar Dhéan Denis O'Connor agus ar an Siúr Eucharia mar aitheantas ar an ranníocaíocht iontach a dhéan said i leith cur chun cinn luachanna reiligiúnacha agus leas spioradálta agus reiligiúnach mhuintir Chorcaí. As ucht a dtiomantas neamhleithleach do sheirbhís daoine eile, agus mar aitheantas níos leithne ar an ról a bhí ag oird rialta i bhforbairt ár sochaí. As ucht an méid seo go léir agus níos mó, is leir d'Ardmhéara agus Comhairleoirí Cathrach Chorcaí go bhfuil sé tuillte acu a bheith cláraithe i gClár a Saoránach Onórach"*.

Ina óráid dúirt an tArdmhéara *"Bhí tionchar ag faighteoirí an lae inniu ar bhonn aonair agus le chéile ar mheabhraíocht chathrach agus a muintire tríd a gcreideamh simplí, a ndúthracht agus tacaíocht gan staonadh le spioradáltacht agus oideachas glúine dhaoine ó Chorcaigh"*. Lean sé air *"Tá na daoine seo mar bhunchloch na cathrach ina bhfuilimid inár gcónaí agus tá sé mar phribhléid neamhghnách agam ar son mhuintir Chorcaí chun aitheantas a thabhairt dá ranníocaíocht agus chun bhur mbuíochas ó chroí a chur in iúl as ucht an méid a thug siad agus an méid a leanann siad orthu ag tabhairt dá gcathair dhúchasach"*.

Pairc Scátála agus Bealach Siúlóide nua don chathair



D'oscail an tArdmhéara Clr. Brian Bermingham an chéad pháirc scátála choincréiteach in-situ i gcathair Chorcaí ag Siúlán na Muirdíge ar an 28ú Bealtaine 2009. Freastalaíonn an áis den chéad scoth seo ar an scátálaí atá ag tosú chomh maith leis an scátálaí a bhfuil taithí aige agus tá scátálaithe áitiúla agus scátálaithe ar chuairt á mealladh aici. Rinne foireann na bPáirceanna sa Stiúrthóireacht Áineasa, Conláiste agus Cultúir an tionscadal seo a chomhordú agus a bhainistiú agus chuir scátálaithe fáilte mhór roimhe.

Níos déanaí an lá sin d'oscail an tArdmhéara an chuid dheireanach de Shiúlán Bhruacha na Laoi go hoifigiúil chomh maith. Chuimsigh an chuid seo den siúlán tógáil siúláin ó Bhóthar an Chinn Thiar go Páirceanna na Laoi agus droichead nua a thógáil thar cainéal theas na Laoi.

Cuid de shiúlán nua-oscailte ag féachaint i dtreo Droichead Thomáis Dáibhis /Bóthar an Chinn Thiar

Ritheann Siúlán Bhruacha na Laoi ón tslí isteach ag Cé Wise/Droichead Naomh Uinseann le hais an tsiúláin ar a dtugtar 'Slí Cumann na mBan' agus leanann sé ar aghaidh i dtreo an iarthair trí na Páirceanna Drioglainne (in aice le cainéal thuaidh na Laoi), thar Droichead Coisí na Muirdíge agus ar aghaidh go dtí Siúlán na Muirdíge nua-athchóirithe. Is féidir le húsáideoirí leanúint orthu ansin ar Shiúlán na Muirdíge, ag siúl trí Pháirc an Ghearaltaigh agus leanúint ar aghaidh go dtí Droichead Thomáis Dáibhis/Bóthar an Chinn Thiar, ag baint úsáide as cosán bhruach na habhann taobh thiar d'áiseanna spóirt Ollscoile Chorcaí. Nascann sé seo ansin leis an gcuid nua-oscailte den siúlán agus leanann sé ar aghaidh go dtí Páirceanna na Laoi.

REIFREANN CHONRADH LIOSPÓIN

Aoine 2ú Deireadh Fómhair, 2009

NÍL ACH SLÍ AMHÁIN ANN CHUN DO THUAIRIM A CHUR IN IÚL

****

Ní féidir leat vóta a chaitheamh mura bhfuil tú cláraithe!

Níl sé ró-dhéanach a bheith curtha san áireamh san Fhorlíonadh do Chlár na dToghthóirí.

Ní mór duit a bheith 18 bliana d'aois faoi Lá na Vótála.

Is féidir leat a sheiceáil an bhfuil tú cláraithe le haghaidh vótála ag Oifigí Comhairle Cathrach Chorcaí, Stáisiúin na nGardaí, Leabharlanna, Oifigí an Phoist agus ar líne ag www.checktheregister.ie

Cuir iarratas isteach anois más mian leat a bheith áirithe san Fhorlíonadh do Chlár na dToghthóirí.

An dáta deiridh le haghaidh iarratas ná:

Dé Máirt 15ú Meán Fómhair, 2009

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ag an Deasc Fáilte, Halla na Cathrach nó trí dhul i dteagmháil leis an Oifig Toghchórais, Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach, Corcaigh.

Teil: (021) 4924107 / 4924108 / 4924109

Rphost: franchise@corkcity.ie

Seolann an tArdmhéara "Tascfhórsa um Bhruscar Ghuma"

Ag cur na teachtaireachta in iúl ag an seoladh oifigiúil ar 18ú Meitheamh 2009, Maoirseoir Maor Bruscair Chomhairle Cathrach Chorcaí, Noel Long, agus an tArdmhéara Clr. Dara Murphy. Bunaíodh an Tascfhórsa um Bhruscar Ghuma (GLT) i ndiaidh comhaontú idirbheartaithe idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an tionscal guma choganta. Ta an GLT i bhfeighil Clár Gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa tslí is inbhuanaithe trí iompar, cúis bhunúsach na saincheiste, a athrú.

BEAGÁINÍN DRAÍOCHTA!

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí tar éis dul i gcomhpháirtíocht le **ParkMagic**, Cuideachta Éireannach, chun rogha pairceáil cathrach a chur chun cinn – seirbhís íoctha trí ghuthán. Úsáideann an córas nua greamán fuinneoige chun do ghluaisteán a shainaithint. Tá barrachód uathúil ag gach greamán a mbeidh do chuid sonraí cuntais ann agus a mbeidh creidmheas ann ar féidir costais pháirceála a ghearradh. Is féidir leat creidmheas breise fháil tríd an nguthán nó ar líne ag www.parkmagic.net.

Iniata leis an eagrán seo de City News tá Pacáiste Tosaithe Oifigiúil saor in aisce ar fiú €5 é. Beidh ar chustaiméirí clárú agus cuntas a chruthú trí Ghlaoch Saor in Aisce a chur ar **1800 24 25 61** - níl le déanamh ach na treoracha ar chúl an Phacáiste a leanúint.

Is féidir greamáin fuinneoige a fháil saor in aisce trí ordú ar líne ag **www.parkmagic.net/corkcity** nó i bhformhór Oifigí an Phoist agus asraonta PostPoint mórthimpeall na cathrach. Is féidir fiú glaoch a chur ar líne seirbhíse custaiméara **ParkMagic** ar **0818 22 01 07** agus seolfar do ghreamán chugat.

Feidhmeoidh an córas nua taobh leis na dioscaí páirceála traidisiúnta ar féidir a úsáid fós chun íoc as páirceáil sráide.

Failtiú d'Fhoireann Rugbaí Chaithréim Mhór na hÉireann

D'ostaigh Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí comh-Fháiltiú ar 13ú Bealtaine 2009 i Halla an Chontae, Corcaigh, chun onóir a thabhairt don éacht a bhain Foireann Peile Rugbaí na hÉireann amach nuair a bhuaigh siad an Choróin Thriarach agus Caithréim Mhór na Sé Náisiún 2009. Bhronn Ardmhéara Chorcaí Clr. Brian Bermingham agus Méara Contae Chorcaí, Clr. Noel Harrington boinn Airgid a ghabh Cork Silversmiths, Sean Carroll & Sons Ltd., ar Thraenalaí na hÉireann, Declan Kidney agus Scuad na hÉireann. I láthair chomh maith bhí Bertie O'Hanlon, duine den bheagán ball Foirne fós beo a bhuaigh an Chaithréimh Mhór i 1948.

OÍCHE TINE CHNÁMH

I ndiaidh an ratha mhóir a bhí aige i 2008, d'eagraigh grúpaí pobail áitiúla i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí imeachtaí teaghlaigh malartacha ar Oíche Tine Chnámh, 23ú Meitheamh, 2009. Áiríodh leo seo ceithre imeacht páirce ar mhór-scála ag Páirc na Claise Duibhe, An Tóchar; Páirc Loch Mhachain, Machan; Páirc Bhóthar na Cille Móire, Cnoc na hAoine agus Páirc Popham, Fearann Riabhach.

Tugadh tacaíocht do thrí thionscdal níos lú laistigh i mBaile na mBocht (Teach Newbury agus Foirgneamh Kerrigan Tyrell), An Gleann (Ionad Acmhainne an Ghleanna) agus An Linn Dubh (Cumann na n-Óg na Linne Duibh). Soláthraíodh méid bheag maoinithe do dhá ghrúpa cónaitheoirí áitiúla ag Bóthar Halla Chiarraí agus Paróiste Meánach Sráid Mhig Reachtain.

Ar an iomlán, bhí tuairim is 7,800 duine i láthair ag imeachtaí, suas ó 6,000 i 2008. Bhí thart ar 40 grúpa pobail difriúil páirteach in eagrú imeachtaí ar an oíche mar aon le níos mó ná 150 oibrí deonach an phobail áitiúil. Thug An Garda Síochána tacaíocht bhreise, agus sholáthar an Cros Dearg, Otharsheirbhís Naomh Eoin, Cosaint Shibhialta agus Ord Mhálta seirbhísí garchabhrach. Chomh maith leis sin fuarthas tacaíocht suntasach ó Rannóg na bPáirceanna de chuid Comhairle Cathrach Chorcaí, RAPID agus Maoir Pobal Áitiúil.

Seolann Comhpháirtíocht Spóirt Cathrach Chorcaí Plean Straitéiseach 2009 – 2012

C go D: Stephen Scully, Comhairle Cathrach Chorcaí, Clr. Tim Brosnan, Cathaoirleach, CCSP, Eithne Lydon, Eucharia Savage agus John O'Riordan, Comhairle Cathrach Chorcaí, tógtha ag seoladh an Phlean Straitéisigh.

Sheol John Treacy, Príomhfheidhmeannach Comhairle Spóirt na hÉireann, Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Cathrach Chorcaí 2009 – 2012 ag ócáid i Leisureworld, Baile an Easpaig i mí na Bealtaine. Tugann an Plean breac-chuntas ar an obair mholta agus na spriocanna leagtha amach do Chomhpháirtíocht Spóirt Cathrach Chorcaí i gcaitheamh na ceithre bliana atá le teacht.

Is féidir cóip den Phlean Straitéiseach a fháil ó oifig na Comhpháirtíochta Spóirt trí rphost a chur chuig **sportspartnership@corkcity.ie** nó trí ghlaoch a chur ar **021 4924245**. Is féidir breis eolais a fháil ó Eithne Lydon, Comhordaitheoir Spóirt, Comhairle Cathrach Chorcaí, **086 0487603**.

Cuairteoirí ó nasc-chathracha Cologne & San Francisco

Ard-Mhéara Clr. Brian Bermingham le cuairteoirí ó nasc-chathracha agus baill de Chomhairle Cathrach Chorcaí agus coistí nasctha San Francisco & Cologne.

Ghlac cuairteoirí ó nasc-chathracha cathrach Chorcaí de Cologne agus San Francisco páirt sa Rás Muir go Cathair agus i Maratón Cathrach Chorcaí de chuid Bord Gáis faoi seach, imeachtaí a bhí ar siúl le linn deireadh seachtaine Saoire Bhainc an Mheithimh. D`iomair ceathrar iomróir ó Cologne currach traidisiúnta ar an Satharn. Cé go bhfuair said oiliúint ar an tráthnóna roimh an Rás bhí an bád agus an teicníocht rámhaíochta nua mar dhúshlán mór dóibh. I mbliana toisc go raibh an aimsir ar fheabhas bhí rás ar an gcúrsa iomlán de 15 mhuirmhíle ó Bhun na Tábhairne go dtí lár na cathrach. Fuair Cologne an 2ú háit ina ghrúpa siúd – in ainneoin a gcuid clog – agus bhí áthas orthu leis an am a bhain siad amach. Ba í an chéad chuairt a thug an grúpa ar Chorcaigh. Bhain gach duine taitneamh as agus tá súil acu go léir filleadh arís an bhliain seo chugainn.

Ghlac Matthew Green, a oibríonn le Comhairle San Francisco agus a dtagann a mháthair ón gClár, páirt sa Mharatón ar Luan an Lae Saoire Bainc. Ba é seo an 32ú maratón a thug Matt faoi agus chuaigh sé thar an líne chríche sa 221ú áit. Tar éis an ráis chaith Matt roinnt ama ag taisteal mórthimpeall na hÉireann agus ag tabhairt cuairte ar a ghaolta san Iarthar.

Míle buíochas leo siúd uile a thug cúnamh le linn na deireadh seachtaine, go háirithe lucht eagraithe an dá ócáid.

MARATÓN CATHRACH CHORCAÍ 2009 DE CHUID BORD GÁIS

Ardmhéara Clr. Brian Bermingham le John Mullins, Príomh-Fheidhmeannach Bhord Gáis agus buaiteoir rás na mban 2009, Lucy Brennan ó Sligeach.

Bhreathnaigh sluaite níos mó ná mar a chonacthas riamh ar Lucy Brennan, a bhuaigh chomh maith i 2008, agus rás na mban á bhuachan aici i 2 uair 51nóiméad. Ba é Michael Herlihy ón Rath an buaiteoir iomlán agus chuaigh sé thar an líne i 2 uair 30 nóiméad. Bhuaigh na Metric Milers, foireann le cúigear fear ó Co. Luimnigh, an rás sealaíochta i 2 uair 19 nóiméad. Beidh Maratón Cathrach Chorcaí 2010 de chuid Bord Gáis ar siúl ar Luan an Lae Saoire Bainc 7ú Meitheamh.

www.corkcitymarathon.ie

Dámhachtainí Pobail & Deonacha an Ardmhéara

Mheall Dámhachtainí Pobail agus Deonacha an Ardmhéara 2009 74 ainmniúchán. Soláthraíonn na dámhachtainí, urraithe ag Express Kitchens & Floors agus an Evening Echo, deis don Ardmhéara aitheantas a thabhairt do ranníocaíocht na n-eagraíochtaí a bhfuil a gcuid oibre á dhéanamh acu ar son an phobail. Mhol an tArdmhéara Clr. Brian Bermingham na hoibrithe deonacha ach go háirithe a thug a gcuid ama chomh flaithiúil sin. *"Is é an t-am ceann de na nithe is luachmhaire ar féidir le haon duine a thabhairt go háirithe mar thoradh ar luas an tsaoil a bhíonn de shíor ag méadú"*. Spreag sé daoine chun páirt a ghlacadh ina bpobail agus chun cabhrú le forbairt na cathrach.

Mhol an tArdmhéara ranníocaíocht leanúnach na n-urraitheoirí, Express Kitchens & Floors agus an Evening Echo chomh maith, a dheonaigh na duaiseanna flaithiúla de €1,000 le haghaidh Buaiteoirí agus €500 le haghaidh daoine sa Dara hÁit.

Buaiteoirí agus Daoine sa Dara hÁit:

SPÓRT

Buaiteoir: Cumann Camógaíochta Fánaithe an Ghleanna
Dara hÁit: AFC Radharc an Chaisleáin

SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS COMHARSANACHTA

Buaiteoir: Irish Friends of Suicide Bereaved
Dara hÁit: Ársaí Éireannacha na Náisiún Aontaithe
(Post Uimh 5 Cathair Chorcaí)

FOGHLAIM AR FEADH AN tSAOIL

Buaiteoir: Ionad Sóisialta Sinsearach Bhaile an Easpaig
Dara hÁit: Líonra na nDaoine ar Scor

EALAÍN AGUS CULTÚR

Buaiteoir: Fáilteoirí Féile Córúil Idirnáisiúnta Chorcaí
Dara hÁit: Féile Idirnáisiúnta Grianghrafadóireachta an Tóchair

LEANAÍ AGUS AN ÓIGE

Buaiteoir: Banóglaigh Éireannacha an Iardheiscirt
Dara hÁit: Meitheal Mara

COMHIONANNAS AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

Buaiteoir: Cois Tine
Dara hÁit: Seirbhísí Déagóirí Matt Talbot

Baill Tofa Comhairle Cathrach Chorcaí

Páirtithe giorraithe mar a leanas
Fianna Fáil ***FF****, Fine Gael* ***FG****, Sinn Féin* ***SF****, Lucht Oibre* ***Lab****, An Páirtí Sóisialach* ***Soc*** *, Neamh-Pháirtí* ***NP****, Páirtí na nOibrithe* ***WP***

Toghcheantar Áitiúil Chorcaigh Thoir Thuaidh

An Clr. John Kelleher *34 Céide Arda an Airgid, Baile na mBocht, Corcaigh* ***Lab*** *4509965 / 087-2249107*
An Clr. Dara Murphy *1, Páirc Hoirbeaird, Cnoc Gardiner, Corcaigh* ***FG*** *086-2533729 / 086-3884775*
An Clr. Tim Brosnan *7 Bóthar Naomh Críostóir, Montenotte, Corcaigh* ***FF*** *4504326 / 086-6079030*
An Clr. Ted Tynan *155 Plásóg Thobar an Airgid, Baile na mBocht, Corcaigh* ***WP*** *4503481 / 086-1908281*

Toghcheantar Áitiúil Chorcaigh Lár Thuaidh

An Clr. Mick Barry, *Uimh. 6, Bailtíní na Cliarscoile, An Linn Dubh, Corcaigh* ***Soc*** *4502681 / 087-2052722*
An Clr. Catherine Clancy, *5 Bóthar na Deastógála, An Linn Dubh, Corcaigh.****Lab*** *4541714 / 087-2721501*
An Clr. Pat Gosch, *Caisleán Sinéid, Gleann Maghair, Co. Chorcaí* ***FG*** *4822437 / 086-8518362*
An Clr. Kenneth O'Flynn, *Oifig Toghlaigh, Aonad 3A, Ionad Tráchtála NOF, Cill an Abbaidh, Bóthar Mhala, Corcaigh* ***FF*** *4211200 / 086-7373356*
An Clr. Thomas Gould, *121 Bóthar na hArdeaglaise, Garrán na mBráthar, Corcaigh* ***SF*** *087-3021551*

Toghcheantar Áitiúil Chorcaigh Thiar Thuaidh

An Clr. Dave McCarthy, *8 Ascaill Mhullach an Chnoic, Bóthar an Bhlárna, Corcaigh* ***NP*** *4302626*
An Clr. Jonathan O'Brien, *11 Faiche Pháirc an Aonaigh, Fearann Riabhach, Corcaigh* ***SF*** *4302530*
An Clr. Michael O'Connell, *78 Cúirt na Drise, An tSeanchoill, Corcaigh* ***Lab*** *4396708 / 086-8351333*
An Clr. Tony Fitzgerald, *The Bungalow, Bóthar Radharc an Chuain, Cnoc an Chuilinn, Corcaigh* ***FF*** *4302032*

Toghcheantar Áitiúil Chorcaigh Thoir Theas

An Clr. Des Cahill, *5 Baile Mháire, Baile an Teampaill, Corcaigh* ***FG*** *4292084 / 087-2801490*
An Clr. Laura McGonigle, *27 Páirc an Halla Marmair Bóthar Bhaile an Locha, Corcaigh* ***FG*** *086-0829371*
An Clr. Denis O'Flynn, *1 Dunvale Rise, Gort Phroinsias, Dúglas, Corcaigh* ***Lab*** *4361522*
An Clr. Terry Shannon, *33 Plásóg an Locha, Bóthar an Tobair, Dúglas, Corcaigh* ***FF*** *4364385*
An Clr. Chris O'Leary, *17 Bóthar Loch Machan, Machain, Corcaigh* ***NP*** *4357570*
An Clr. Kieran McCarthy, *Bailtín Richmond, Bóthar na Dúghlais, Corcaigh* ***NP*** *087-6553389*
An Clr. Jim Corr, *"Kakuri", Gort Heití, Dúglas, Corcaigh* ***FG*** *4291400*

Toghcheantar Áitiúil Chorcaigh Lár Theas

An Clr. Lorraine Kingston, *1 Radharc na Cé, Bóthar an Chaisleáin, An Dúcharraig, Corcaigh* ***Lab*** *086-8138189*
An Clr. Emmet O'Halloran, *St. Judes, Páirc Mercier, Crosaire Tuirnéir, Corcaigh* ***FG*** *087-7855241*
An Clr. Sean Martin, *137 An Bóthar Síorghlas, Crosaire Tuirnéir, Corcaigh FF 4505510 / 087-2908298*
An Clr. Mick Finn, *6 Cnocán Anna, Siúlán na mBráthar, Corcaigh* ***NP*** *086-1940126*
An Clr. Fiona Kerins, *25 Eastát Radharc an Chnoic, Bóthar na Trá Móire, Corcaigh* ***SF***

Toghcheantar Áitiúil Chorcaigh Thiar Theas

An Clr. John Buttimer, *25 Eastát Benvoirlich, Baile an Easpaig, Corcaigh* ***FG*** *087-6384381*
An Clr. Mary Shields, *48 Ascaill Halldene, Baile an Easpaig, Corcaigh* ***FF*** *4544486*
An Clr. Michael Ahern, *3 Corrán Kenley, Bóthar an Gheata Thiar, Baile an Easpaig, Corcaigh* ***Lab*** *4342521*
An Clr. Brian Bermingham, *7 Garrán an Silíní, Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh* ***FG*** *4543775 / 4345655*
An Clr. Henry Cremin, *36 Na Goirt Ghlasa, Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh* ***SF*** *086-2662874*
An Clr. Ger Gibbons, *21 Céide an Ghleanna, Bóthar an Ghlaisín, Corcaigh* ***Lab*** *086-2008807*